Plean Straitéiseach an Bhoird Pleanála 2018 - 2023 a fhoilsiú

28 Lúnasa, 2018

Inniu foilseofar Plean Straitéiseach an Bhoird Pleanála 2018-2023.

Seo an méid a dúirt an Dr. Mary Kelly, cathaoirleach an Bhoird Pleanála, atá ag éirí as:

> “Bhí ceathracha bliain ann in 2017 ó bunaíodh an Bord Pleanála. Sa tréimhse sin, d’fhás iontaoibh na saoránach, na ranna agus gníomhaireachtaí rialtais agus na bpáirtithe leasmhara eile sa Bhord Pleanála a bhuí ar ghealltanais agus obair dhian na gCathaoirleach, chomhaltaí an Bhoird agus na foirne.”

Cuireann an Plean Straitéiseach seo creat ar fáil chun an Bord Pleanála a threorú sna chéad chúig bliana eile, agus athneartaíonn sé an dea-cháil orainn as neamhchlaontacht agus as na caighdeáin airde i gcinnteoireacht thráthúil agus i seirbhís don phobal a chomhlíonadh. Leagtar amach ann, leis, an tslí a leanfaimid ar aghaidh chun an eagraíocht a thacú agus a fhorbairt mar eagraíocht sholúbtha ardfheidhmíochta chun ár n-obair thábhachtach a chur i gcrích.”

Tá plean an Bhoird Pleanála bunaithe ar cheithre cinn de spriocanna ardleibhéal:

1. An dea-cháil atá orainn as neamhspleáchas, neamhchlaontacht, iontaoibh, iomláine agus trédhearcacht a chosaint agus a bhreisiú
2. Cinntí ardchaighdeáin urrúnta tráthúla, trédhearcacha a dhéanamh a thacaíonn le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe.

3. Ár seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú chun ionchais atá ag athrú a chomhlíonadh.
4. Eagraíocht inspreagtha, athléimneach agus freagrúil a chothú.

Tá tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí ar leith chun na spriocanna seo a bhaint amach leagtha amach sa Phlean a fhoilsítear inniu.

Cuireadh an Plean i dtoll a chéile le bliain anuas le hionchur ón bhfoireann, ón mBord agus ó pháirtithe leasmhara seachtracha. Bunaíodh é, leis, ar athbhreithniú seachtrach ar an eagraíocht a choimisiúnaigh an t-iar-Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus tá mórchuid de na moltaí ba mhó curtha san áireamh ann.

Agus dúirt an Dr. Kelly: “mar thoradh ar an bplean seo feicfear Bord Pleanála dea-eagraithe, éifeachtach, críochnúil agus oiriúnach don fheidhm, agus leanfaidh an Bord dá luachanna maidir le hionracas, neamhspleáchas agus cothromaíocht a bhuanú de réir mar a dhéanann sé a chion chun sochaí ina léirítear meas ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.